C/2024/6797

8.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11796 – AUSTRALIANSUPER / DIGITALBRIDGE / SWISS LIFE / DBUPH)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6797)

1. An 30 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AustralianSuper Pty Ltd ('AustralianSuper', an Astráil),

— DigitalBridge Group, Inc. ('DigitalBridge', na Stáit Aontaithe),

— Swiss Life Holding AG ('Swiss Life', an Eilvéis),

— DataBridge Upper Parent Holdings IV, LP ('DBUPH', na Stáit Aontaithe), atá faoi rialú comhpháirteach DigitalBridge agus Swiss Life faoi láthair.

Gheobhaidh AustralianSuper, DigitalBridge agus Swiss Life rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar DBUPH.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste aoisliúntais agus pinsin tairisceana poiblí tionscail é AustralianSuper a bhfuil infheistíochtaí aige san Astráil agus i dtíortha eile ar fud an domhain,

— Is gnólacht tiomnaithe infheistíochta bonneagair dhigitigh ar scála domhanda é DigitalBridge a infheistíonn i gcúig phríomhréimse: (i) lárionaid sonraí; (ii) crainn chumarsáide; (iii) líonraí snáithíní; (iv) mionchealla; agus (v) bonneagar imeall-ríomhaireachta,

— Soláthraíonn Swiss Life árachas saoil, pinsin agus réitigh airgeadais. Tá sé gníomhach sna hearnálacha árachais saoil, infheistíochta agus bainistíochta sócmhainní, agus cuireann sé réitigh sochair fostaithe ar fáil do chorparáidí ilnáisiúnta,

— Is soláthraí seirbhísí comhlonnaithe, idirnasctha agus bainistithe é DBUPH. Tá punann lárionad sonraí atá dírithe ar na Stáit Aontaithe faoina úinéireachta aige agus á hoibriú aige.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11796 – AUSTRALIANSUPER / DIGITALBRIDGE / SWISS LIFE / DBUPH

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË